www.xtrapapers.com

Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2018**

# Stair

## Aonad Measúnaithe A2 2
Imscrúduithe agus Léirmhínithe ar an Stair

*AHY21*

## [AHY21]
## DÉ CÉADAOIN 13 MEITHEAMH, IARNÓIN

**AM**

2 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair **trí** cheist as do rogha. Freagair Ceist **1**, Ceist **2** agus **ceachtar acu** Ceist **3(a)** nó **3(b)**.
Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **3**.

www.xtrapapers.com

## Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900–1925

Freagair Ceisteanna **1 agus 2** ceachtar acu Ceist **3(a) nó 3(b)**.

Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

### Na Cúiseanna le hÉirí Amach na Casca 1916

**Foinse 1**
Sliocht as alt le Pádraig Mac Piarais, dar teideal *From a Hermitage*, arna fhoilsiú i mí na Samhna 1913. D'éirigh Mac Piarais ina bhall mór le rá de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann, eagraíocht a bhí faoi mhionn Poblacht na hÉireann a bhunú le lámh láidir.

> Ní hamháin nach bhfuil glúin reatha na náisiúnaithe eolach ar na hairm ach is fuath léi iad siúd go léir atá eolach ar na hairm. Is rud tipiciúil don náisiúnaí go mbíonn sé ag caitheamh anuas ar an Oráisteach, ní mar gheall ar na tuairimí iomadúla áiféiseacha atá aige, ach mar gheall ar é a bheith réidh troid a dhéanamh leis na tuairimí sin a chosaint. Ach tá sé seo mícheart. Ba chóir go mbeadh meas ar an Oráisteach as siocair a thoilteanais agus a chumais troid a dhéanamh ar son a chuid tuairimí. Is amaideach an mhaise don Oráisteach a chreidbheáil go mbeidh a shaoirse phearsanta faoi bhagairt ag Rialtas Dúchais. Ach óna thaobh féin de, luíonn sé le ciall, agus is é a dhualgas glinn é, gur chóir dó airm a thógáil lena shaoirse a chosaint. Go pearsanta, measaim gur neach áiféiseach i bhfad níos lú é Oráisteach le raidhfil ná náisiúnaí gan cheann. Is cinnte go mbeidh raidhfilí na nOráisteach úsáideach lá éigin.

**Foinse 2**
Sliocht as alt le Séamas Ó Conghaile, dar teideal *Cannon Fodder for British Imperialism*, arna fhoilsiú i mí na Feabhra 1916. Bhí Ó Conghaile ina cheannaire ar Arm Cathartha na hÉireann, a raibh ról lárnach aige in Éirí Amach na Casca 1916.

> An t-am ar fad a bhí cluiche an Rialtais Dúchais ag dul ar aghaidh, bhí Páirtí Parlaiminteach na hÉireann (PPÉ) basctha brúite, agus bob buailte air, i gcónaí ag Aontachtaithe. Ghéill sé gach buntáiste d'fheachtas sciliúil dhrong mhíleata na nOráisteach in aimsir shíochána ach bhí iompar cladhartha cealgach acu sa chogadh fosta. Tá an PPÉ spreagtha ag an chogadh sléacht a chomhthíreach a cheadú mar mhalairt ar mhiongháirí múinte mánla na Sasanach. Bhí an PPÉ ag iarraidh a chruthú ón tús gur chosúla iad na náisiúnaithe le sclábhaithe ná na hOráistigh agus go mbeadh siad níos sásta marú a dhéanamh agus a bheith maraithe ar ordú Impireachta a raibh fuath aici don dá dhream. Ar a laghad tá sé de shásamh ag na hOráistigh go bhfuil siad ag troid le hImpireacht a shábháil a raibh siad sásta troid ar a son le gairid roimhe seo. Iarradh ar na náisiúnaithe, áfach, Impireacht a shábháil ar dhiúltaigh a rialtóirí bunsaoirse a bhronnadh orthu.

**1 (a) Bain úsáid as Foinse 1 agus Foinse 2 agus do chuid eolais ar an tréimhse seo.**

Cé acu de na foinsí ba luachmhaire do staraí mar fhianaise i staidéar ar chúiseanna le hÉirí Amach na Casca 1916? [15]

www.xtrapapers.com

**(b) Bain úsáid as Foinse 1 agus Foinse 2 agus fianaise eile a ndearna tú staidéar uirthi.**

Cé chomh mór agus a thacaíonn na foinsí leis an dearcadh gurbh é frithbheartaíocht Uladh in aghaidh Rialtas Dúchais an chúis ba mhó le hÉirí Amach na Casca? [20]

**Láimhseáil Asquith Ghéarchéim an Rialtais Dúchais 1912–1914**

**Léirmhíniú A**
Sliocht as *The Liberals and Ireland: The Ulster Question in British Politics to 1914*, le Patricia Jalland, arna fhoilsiú in 1980.

> Bhí dhá dhóigh fhéideartha ag Rialtas na Breataine le deileáil le fadhb Uladh i bhfómhar na bliana 1913. D'fhéadfadh sé brú chun cinn lena pholasaí a bhain le Rialtas Dúchais a thabhairt d'Éirinn go hiomlán, beag beann ar na hiarmhairtí, agus a bheith réidh le dul i ngleic go daingean docht le frithbheartaíocht ar bith ó Chúige Uladh thoir thuaidh. Ba é seo go fóill polasaí oifigiúil an Rialtais. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh sé cineál éigin d'eisiamh Uladh a thabhairt isteach le hábhair chlamhsáin Aontachtaithe Uladh a shásamh. B'fhéidir go mbeadh an Rialtas níos ciallmhaire téarmaí speisialta a chur ar fáil d'Ulaidh sa bhliain 1912. Níor aithin an chomh-aireacht ina hiomláine tromchúis chúinsí Uladh go dtí fómhar na bliana 1913; ón uair sin ar aghaidh bhí na Liobrálaithe ag obair faoi mhíbhuntáiste. Le himeacht aimsire, lean na hAontachtaithe leo ag déanamh na téarmaí acu do réiteach a leasú. Rinne Asquith iarracht a chuid roghanna a choinneáil oscailte chomh fada agus ab fhéidir. Rinne sé idirbheartaíocht ar son na dtéarmaí ab fhabhraí, fad a choinnigh sé an dá thaobh ag tabhairt buille faoi thuairim. Bhí sé seo ag brath ar an Rialtas a bheith ábalta maíomh go bhféadfadh sé, agus go ndéanfadh sé, an t-arm a úsáid lena Acht um Rialtas Dúchais a chur i bhfeidhm in Éirinn go hiomlán. Laghdaíodh a chumas le seo a mhaíomh go mór i mí Mhárta 1914 de bharr brúnna faoi choinne comhghéilleadh.

© *The Liberals and Ireland: Ulster Question in British Politics to 1914 by Patricia Jalland (ISBN: 978-0751201826) Published by Gregg Revivals, 1993*

**Léirmhíniú B**
Sliocht as *Asquith*, le Roy Jenkins, arna fhoilsiú in 1964.

> Le linn 1912 agus 1913 bhí a fhios ag Asquith go raibh géarchéim ag forbairt ar cheist Uladh, ach ní dhearna sé aon iarracht dhocht lena réiteach. Bhí claonadh air imeachtaí a bhreathnú go socair suaimhneach go dtí go bhfaca sé deis le hidirghabháil éifeachtach a dhéanamh. Ní raibh a leithéid de dheis ann sna blianta 1912 nó 1913. Ba é seo an dearcadh a bhí ag go leor taobhanna san achrann ag an stáid seo fosta. Ní thacódh cuid mhór Liobrálach nó Páirtí Parlaiminteach na hÉireann le comhghéilleadh ar bith ar Bhille um Rialtas Dúchais 1912. Feictear leasú Agar-Robartes 1912 go minic mar dheis iontach a bhí caillte. Ní shásódh sé na haontachtaithe, áfach, a bhí ina éadan. Le fírinne, ní dhéanfadh aon socrú ar bith don eisiamh in 1912 an diúltú roimh Rialtas Dúchais a scriosadh. Ba mhó an spéis a bhí ag leathchuid de na haontachtaithe Sasanacha i mBaile Átha Cliath ná i mBéal Feirste. An leathchuid eile, faoi cheannaireacht Bonar Law, cé gurbh ábhar buartha i ndáiríre dóibh Ulaidh, ba mhó an t-ábhar buartha dóibh an Rialtas Liobrálach a scriosadh. Ní dócha, mar sin de, go mbainfeadh Asquith níos mó amach le hiarracht níos luaithe maidir le socrú Uladh a fháil.

© *Asquith by Roy Jenkins. Published by Harper Collins, 1964*

www.xtrapapers.com

**2** **Déan staidéar ar Léirmhíniú A agus ar Léirmhíniú B.**

Na léirmhínithe agus do thuiscint ar an chomhthéacs stairiúil in úsáid, cé acu ceann de na léirmhínithe difriúla seo ar láimhseáil Asquith Ghéarchéim an Rialtais Dúchais 1912–1914 is inchreidte, dar leat? [25]

**3** Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

**Ceachtar acu**

**(a)** "Teip ar pholasaithe Rialtas na Breataine in Éirinn sa tréimhse 1916–1918 ba mhó a bhí freagrach as rath Shinn Féin in Olltoghchán 1918."
Cé chomh mór agus a ghlacfá leis an bhreithiúnas seo? [20]

**Nó**

**(b)** "Taicticí olca míleata na bhfórsaí Frith-Chonartha ba chionsiocair lena dtreascairt ag Arm an tSaorstáit i gCogadh Cathartha na hÉireann 1922–1923." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an bhreithiúnas seo? [20]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

11381.02/3